



Ceol

Cuid thábhachtach de shaol gach duine is ea an ceol. I gCeol an Teastais Shóisearaigh, canfaidh tú agus seans go bhfoghlaimfidh tú conas uirlis cheoil a sheinm. Éistfidh tú le mórán cineálacha ceoil amhail popcheol, ceol clasaiceach agus ceol traidisiúnta. Tosóidh tú ag cumadh ceoil chomh maith.

Cad a bheidh le foghlaim agam sa Cheol?

Seo cuid de na rudaí a fhoghlaimfidh tú:

- mar gheall ar mhórán cineálacha ceoil
- conas ceol a léamh agus a scríobh
- conas amhráin a chanadh agus conas uirlis a sheinm, b'fhéidir.

D'fhéadfadh sé go mbeadh cór nó ceolfhoireann ag do scoil, agus gur mhaith leat a bheith mar bhall de.



Conas a fhoghlaimfidh mé an Ceol ar scoil?

Seo cuid de na rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh leis an múinteoir agus leis an rang:

- canadh agus uirlisí difriúla a sheinm
- éisteacht le ceol agus an rud a chloiseann tú a phlé
- teicneolaíocht a úsáid agus féachaint ar DVDanna a bhaineann le ceol
- téacsleabhar agus leabhar saothair a úsáid
- ceol a léamh
- foinn a scríobh
- tionscadail a dhéanamh a bhaineann le ceol.

Conas a d'fhéadfainn níos mó a fhoghlaim faoin gCeol lasmuigh den scoil?

Seo cuid de na rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh:

- éisteacht le ceol
- canadh leat leis na bogearraí nua-theicneolaíochta agus na cluichí ríomhaire
- foghlaim conas uirlis a sheinm
- dul chuig ceolchoirmeacha agus ceoldrámaí
- dul isteach i gcór nó grúpa ceoil áitiúil amhail banna práis nó craobh de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann
- banna a thosú le do chairde.



Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil ag éirí liom sa rang?

Inseoidh do mhúinteoir duit:

- nuair a sheinneann nó a chanann tú go maith
- nuair is gá tuilleadh cleachtaidh
- an chaoi le feabhas a chur ar do sheinm nó do chanadh

B'fhéidir gur mhaith leat iarraidh ar chara éisteacht leat ag seinm nó ag canadh.

Déanfaidh tú trialacha ranga chomh maith a léireoidh duit conas mar atá ag éirí leat.



Cén sórt scrúdaithe atá ann don Cheol sa Teastas Sóisearach?

Tá dhá chuid i scrúdú an Cheoil sa Teastas Sóisearach:

- scrúdú praiticiúil – féadfaidh tú canadh nó uirlis a sheinm don scrúdú seo – i d’aonar nó mar bhall de ghrúpa
- comhscrúdú éisteachta agus scríofa i gcumadh ceoil agus in éisteacht le ceol.

Is féidir an scrúdú a dhéanamh ag an Ardleibhéal nó ag an nGnáthleibhéal. In am trátha, cabhróidh an múinteoir leat an leibhéal is fearr a oireann duit a roghnú.

An mbeidh na rudaí a fhoghlaim mé sa Cheol cosúil leis na rudaí a d'fhoghlaim mé sa bhunscoil?

Sa Cheol sa bhunscoil, b'fhéidir go raibh tú i gcór scoile agus/nó i ngrúpa ceoil nó i gceolfhoireann scoile. Thosaigh tú ag éisteacht le ceol, ag seinm agus ag cumadh ceoil ansin. I gCeol an Teastais Shóisearaigh déanfaidh tú forbairt ar na scileanna sin.



An mbeidh aon bhaint ag an gCeol leis na hábhair eile a dhéanfaidh mé?

D'fhéadfá amhráin a fhoghlaim sna nuatheangacha a bheidh á dhéanamh agat. Lena chois sin, d'fhéadfadh ceol a bheith in úsáid agus tú ag foghlaim damhsa le linn ranganna Gaeilge agus Corpoideachais. Sa Bhéarla, déanfaidh tú staidéar ar thábhacht an cheoil i scannáin agus i bhfógraí. San Eolaíocht, foghlaiméidh tú mar gheall ar fhuaim, rud a thabharfaidh tuiscint duit ar acústaic sa Cheol. Foghlaiméidh tú níos mó faoi Theicneolaíocht an Cheoil sa rang Teicneolaíochta.

Conas a chabhróidh an Ceol liom?

Tá an-tábhacht leis an gceol i saol fhormhór daoine. Is beag duine nach mbaineann sult as éisteacht le ceol agus is iomaí duine a chanann nó a sheinneann uirlis ar feadh a saoil.

Tá daoine ann a roghnaíonn gairm sa cheol amhail an t-oideachas (múinteoir, léachtóir), an gnó (innealtóir fuaime, liriceoir, léirmheastóir, teiripeoir) agus oirfideadh (cumadóir, oirfideach, stiúrthóir).



An mbeidh an Ceol an-difriúil tar éis an Teastais Shóisearaigh?

Tar éis an Teastais Shóisearaigh, féadfaidh tú an Ceol a roghnú don Ardeistiméireacht. Leanfaidh tú ort ag déanamh staidéir ar réimsí na héisteachta, na hoirfide agus na cumadóireachta. Is féidir leat rogha a dhéanamh staidéar níos grinne a dhéanamh ar aon cheann de na réimsí seo, áfach.



Gheobhaidh tú eolas faoin gcúrsa Ceoil anseo
www.curriculumonline.ie

Gheobhaidh tú eolas faoi scrúdú an Teastais Shóisearaigh anseo
www.examinations.ie

Gheobhaidh tú eolas ar an gceol anseo
<http://www.bbc.co.uk/music/>
www.sfskids.org

Tá an bhileog fíricí seo agus bileoga fíricí eile ar fáil le híoslódáil ag www.ncca.ie

NCCA  National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

24 Cearnóg Muirfean, Baile Átha Cliath 2 | Tel: + 353-1-6617177